



C/2023/1185

23.11.2023

Caingean arna tabhairt an 10 Deireadh Fómhair 2023 ag Údarás Faireacháin CSTE in aghaidh na hIorua

(Cás E-13/23)

(C/2023/1185)

Thug Údarás Faireacháin CSTE caingean in aghaidh na hIorua os comhair Chúirt CSTE an 10 Deireadh Fómhair 2023, agus ionadaíocht á déanamh don Údarás sin ag Ingibjörg Ólöf Vilhjálmsdóttir, Kyrre Isaksen agus Melpo-Menie Joséphidès, ag gníomhú dóibh mar Ghníomhairí Údarás Faireacháin CSTE, Avenue des Arts 19H, 1000 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË.

Iarrann Údarás Faireacháin CSTE ar Chúirt CSTE an méid seo a leanas a dhearbhu:

Trí cheanglas údarúcháin i Roinn 4-1 den Acht um Institiúidí Airgeadais na hIorua a choinneáil i bhfeidhm, údarúchán a bhaineann le fochuideachtaí a chur ar bun nó institiúidí airgeadais de chuid na hIorua a éadail i stáit eile LEE, sháraigh an Iorua:

- Airteagail 14, 26, 57 agus 60 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le dul i mbun ghnó an Árachais agus an Atharachais, agus an gnó sin a shaothrú, (Sócmhainneacht II) ⁽¹⁾;
- Airteagail 8, 16 agus 24 de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólaigh infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE ⁽²⁾;
- Airteagail 9 agus 20 de Threoir 2003/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir le gníomhaíochtaí institiúidí um sholáthar pinsean ceirde agus maoirseacht a dhéanamh ar na hinstitiúidí sin ⁽³⁾;
- Airteagal 5 de Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach ⁽⁴⁾;
- Airteagal 3 de Threoir 2009/110/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le dul i mbun an ghnó a ghabhann le hinstitiúidí airgid leictreonaigh agus an gnó sin a shaothrú agus maoirseoireacht stuamachta a dhéanamh air ⁽⁵⁾, agus
- Airteagal 31 de Chomhaontú LEE.

An cúlra dlíthiúil agus an cúlra fíorasach, mar aon le pléadálacha faoin dlí a thugtar ar aird chun tacú leis an méid sin:

- Leis an Iarratas seo, iarrann Údarás Faireacháin CSTE (an tÚdarás) dearbhú go bhfuil a hoibleagáidí faoi dhlí LEE sáraithe ag an Iorua trí cheanglas údarúcháin a choinneáil ar bun ar institiúidí airgeadais na hIorua maidir le fochuideachtaí a chur ar bun acu i Stáit LEE eile, mar a fhorordaítear le Roinn 4-1 d'Acht um Institiúidí Airgeadais na hIorua.
- Maíonn an tÚdarás, má choinnítear an ceanglas údarúcháin ar bun, gurb ionann foráil na reachtaíochta atá i gceist agus ceanglas réamhúdarúcháin *de facto*.
- I litir dar dáta an 15 Deireadh Fómhair 2015, chuir an tÚdarás an Iorua ar an eolas gur oscail sé cás féintionscnaimh i ndáil leis an gceanglas údarúcháin maidir le fochuideachtaí institiúidí airgeadais na hIorua a chur ar bun i Stáit LEE eile, ceanglas a fhorordaítear le Roinn 4-1 d'Acht um Institiúidí Airgeadais na hIorua, agus d'iarr sé ar an Iorua faisnéis áirithe a chur ar fáil chun an t-ábhar a scrúdú.
- Chuir an Iorua an fhaisnéis a iarradh ar fáil trí litir dar dáta an 8 Feabhra 2016, litir inar maíodh go bunúsach gur áirithíodh cobhsaíocht airgeadais leis an gceanglas údarúcháin i Roinn 4-1 agus gur chomhlíon sí Airteagal 31 LEE.

⁽¹⁾ IO L 335, 17.12.2009, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

⁽³⁾ IO L 235, 23.9.2003, lch. 10.

⁽⁴⁾ IO L 337, 23.12.2015, lch. 35.

⁽⁵⁾ IO L 267, 10.10.2009, lch. 7.

- Tar éis malartú litreacha le linn na mblianta 2018 agus 2019, d'eisigh an tÚdarás litir fógra fhoirmiúil an 11 Nollaig 2019 inar chinn sé gur sháraigh an Iorua Treoracha 2009/138/CE, 2013/36/AE, 2003/41/CE, (AE) 2015/2366 agus 2009/110/CE agus/nó Airteagal 31 LEE trí cheanglas údarúcháin a choinneáil i bhfeidhm amhail an ceann i Roinn 4-1 d'Acht um Institiúidí Airgeadais na hIorua.
- Ina freagra an 2 Márta 2020, chloígh an Iorua lena tuairim gur rannchuidigh an scéim údarúcháin leis an sprioc dhlísteanach cobhsaíocht airgeadais san Iorua a chosaint ach thug sí dá haire freisin go bhféachfadh sí an bhféadfadh bearta eile seachas an ceanglas réamhúdarúcháin an t-ardleibhéal cosanta céanna don chobhsaíocht airgeadais a bhaint amach.
- Thug an tÚdarás tuairim réasúnaithe uaithi chuig an Iorua an 8 Iúil 2020 agus thug an Iorua freagra ar an tuairim sin an 9 Nollaig 2020.
- An 7 Iúil 2022, chuir an Iorua an tÚdarás ar an eolas gur leasaíodh forálacha ábhartha Roinn 4-1 d'Acht um Institiúidí Airgeadais na hIorua. D'eisigh an tÚdarás litir fhorlíontach fógra fhoirmiúil an 5 Deireadh Fómhair 2022 agus thug an Iorua freagra ar an litir sin an 2 Nollaig 2022, inar luadh nár aontaigh an Iorua le measúnú an Údaráis gur cruthaíodh scéim údarúcháin *de facto* mar thoradh ar na leasuithe ar an reachtaíocht ábhartha.
- Chuir an tÚdarás tuairim réasúnaithe fhorlíontach chuig an Iorua an 19 Aibreán 2023, inar chloígh sé lena chonclúidí a bhí sa litir fhorlíontach fógra fhoirmiúil, agus thug an Iorua freagra ar an tuairim sin an 20 Meitheamh 2023, inar easaontaigh sí le conclúidí an Údaráis agus inar iarr sí síneadh ama 'chun an t-am is gá a áirithiú don phróiseas reachtach a éilítear chun athbhreithniú a dhéanamh' ar Roinn 4-1 d'Acht um Institiúidí Airgeadais na hIorua.
- Dhiúltaigh an tÚdarás don iarraidh ar shíneadh ama an 25 Iúil 2023 agus chinn sé an cás a thabhairt os comhair Chúirt CSTE.
- Tugann an tÚdarás dá aire nach leagtar síos go soiléir le reachtaíocht na hIorua i dtrácht na critéir nach mór a chomhlíonadh, chun go mbeidh institiúid airgeadais de chuid na hIorua ar mian léi institiúid airgeadais a bhunú nó a éadail mar fhochuideachta i Stát LEE eile in ann ordú a sheachaint ó Údarás Maoirseachta Airgeadais na hIorua nach ndéanfar an bunú ná an éadail, é sin nó go mbeidh an bunú nó an éadail faoi réir coinníollacha breise arna gcinneadh ag FSA.
- Dá bhrí sin, is é conclúid an Údaráis go bhfuil ceanglas údarúcháin *de facto*, amhail an ceanglas sin a bhunaítear i Roinn 4-1, sa chéad fho-roinn go dtí an cúigiú fo-roinn d'Acht um Institiúidí Airgeadais na hIorua, ag sárú Airteagail 14, 26, 57 agus 60 de Threoir 2009/138/CE, Airteagail 8, 16 agus 24 de Threoir 2013/36/AE, Airteagail 9 agus 20 de Threoir 2003/41/CE, Airteagal 5 de Threoir (AE) 2015/2366 agus Airteagal 3 de Threoir 2009/110/CE agus gur srian gan údar é ar an tsaoirse bunaíochta, de shárú ar Airteagal 31 LEE.